


Beatha Teanga



Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí & do Chaomhnóirí

Roinnt spreagcheistean: **Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí /do Chaomhnóirí**

Cad iad na tacaíochtaí atá/a bheidh ar fáil chun cumas Gaeilge na dtuismitheoirí a shaibhriú?

Céard iad na dúshláin teanga is coitianta i measc na dtuismitheoirí faoi láthair? An bhfuil bearnaí i réimse ar leith den teanga a d'fhéadfaí a líonadh?

Céard is féidir leis an scoil a dhéanamh leis an teanga labhartha a spreagadh i measc na dtuismitheoirí – iad sin le Gaeilge, gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge?

Cé a ghlacfaidh freagracht as na tacaíochtaí a chur ar fáil? An bhfuil buiséad ann dó? An bhféadfaí ócáid tiomsaithe airgid a dhéanamh uair sa bhliain chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí (ranganna Gaeilge, mar shampla)?

An bhfuil an scoil suite i bpobal Líonra Gaeilge nó i Limistéar Pleanála Teanga. An bhfuil an scoil ag baint leas as na tacaíochtaí is féidir a fháil uathu seo?

Cén fhís atá ag tuismitheoirí dá gcumas teanga féin? Cabhróidh an suirbhé ar thuairimí na dtuismitheoirí i leith úsáid na Gaeilge leis seo. (Aguisín C).

Nod don eolach!

Tá leabhrán de fhrásaí úsáideacha Gaeilge ar fáil!
Ordaigh cóip saor in aisce de **Déan Comhrá** ag www.gaeloideachas.ie

Roinnt spreagsmaointe: **Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí /do Chaomhnóirí**

1

Déanfar coiste na dTuismitheoirí a chumasú leis an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid agus iad i mbun a gcuid gnó.

2

Cuirfear treoir ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí atá ar bheagán Gaeilge chun cabhrú leo i leith na Gaeilge. Cuirfear eolas ar fáil maidir le ranganna Gaeilge a bhíonn ar siúl sa cheantar, nó sa scoil.

8

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí freastal ar ócáidí Gaeilge/Bricfeasta Gaelach sa scoil.

3

Moltar dóibh leas a bhaint as na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil ar nós Muintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Mother Tongues, Glór na nGael, Glór na Móna, Raidió na Gaeltachta, TG4, Eagraíochtaí Pleanála Teanga, Líonraí Gaeilge.

7

Déanfar cur chuige an obair bhaile agus treoir a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi conas dul i ngleic go dearfach le hobair bhaile, go háirithe mura bhfuil an téarmaíocht ar eolas ag an tuismitheoir. Is féidir ranganna Gaeilge bunaithe ar obair bhaile a chur ar fáil, rud a chuirfeadh leis an ngné shóisialta do thuismitheoirí freisin.

4


Cuirfear liosta abhaile de fhrásaí a mbítear ag súil leis go n-úsáidfídh na tuismitheoirí agus iad sa scoil – ionas nach gcloisfídh na páistí Béarla á labhairt ag a dtuismitheoirí ar láthair na scoile.

6

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí in obair bhaile a gcuid páistí. Moltar liosta a chur le chéile, i gcomhairle le Coiste na dtuismitheoirí /coiste na Gaeilge maidir le frásaí agus foclaíocht a bheadh úsáideach chun cabhrú leis an obair bhaile.

5

Moltar teanga an chlóis agus an spóirt a roinnt le tuismitheoirí chun iad a chumasú leis an taobh sóisialta agus spóirt a spreagadh leis an nGaeilge sa bhaile.



Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-



Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.





Nod don eolach!

Tá suíomh www.irishforparents.ie ag Gaeloideachas? Tugann sé deis do thuismitheoirí a scileanna teanga a fhorbairt ar líne.